


Fuinneamh a shábháil sa bhaile

Is inár dtithe a úsáidimid thart ar an gceathrú cuid den fhuinneamh go léir a úsáidimid in Éirinn

Smaoinigh faoi...

Seo roinnt ceisteanna a chabhróidh le do rang smaoinreamh faoin bhfuinneamh a úsáideann tú gach lá sa bhaile...

1. *Conas a úsáideann tú fuinneamh san áit a gcónaíonn tú? Smaoinigh faoi gach seomra: an chistin, an seomra folctha, an seomra leapa, an seomra suí.*
2. *Cé na gléasanna nó trealamh leictreach a úsáideann tú gach lá?*
3. *An féidir leat smaoinreamh ar bhealaí chun fuinneamh a shábháil sa bhaile?*



Úsáidimid fuinneamh i dtithe dá lán rudaí cosúil le teas, solas, cócaireacht, níochán, cithfholcadh a ghlacadh, féachaint ar an teilifíseán nó cluichíocht. Cruthaímid dé-ocsaíd charbóin nuair a dhóimid breoslaí iontaise chun fuinneamh a chruthú. Is ceann de na gáis cheaptha teasa is cúis le hathrú aeráide í dé-ocsaíd charbóin.

Cad is féidir leatsa a dhéanamh chun dul i mbun gnímh?

Tá a lán bealaí ann chun níos lú fuinnimh a úsáid agus chun áit níos compordaí a dhéanamh de do theach. Is féidir leat gníomhú ar son na haeráide agus airgead a shábháil freisin trí fhuinneamh a shábháil. Seo thíos roinnt athruithe simplí is féidir leat a dhéanamh chun fuinneamh a shábháil sa bhaile.

1. Déan tomhas ar an bhfuinneamh a úsáideann tú

- Úsáid monatóir fuinnimh le hinsint duit cé mhéad fuinnimh atá á úsáid agat nuair a chuireann tú an cithfholcadán ar siúl nó nuair a dhéanann tú an citeal a bheiriú.

2. Téamh



- Ísligh an teirmeastat i seomraí comhludair go 20°C.
- Dún doirse chun an teas a choimeád istigh.
- Seiceáil an bhfuil séideáin d'aer fuar ag teacht trí fhuinneoga, poill eochrach agus doirse agus déan iad a bhlocáil.
- Mura n-úsáideann tú do thinteán, úsáid balún sa simléar chun na séideáin a choimeád amach.

- Tarraing cuirtíní chun an teas a choimeád istigh um thráthnóna. Oscail iad ar maidin chun teas na gréine a scaoileadh isteach.
- Úsáid an chomhla ar an radaitheoir chun an teocht a ísliú nó a mhúchadh i seomraí nach mbaineann tú mórán úsáide astu.
- Múch an téamh nuair a fhágann tú an teach nó má bhíonn tú as baile.
- Cuir insliú i do bhallaí agus i d'áiléar chun an teas a choimeád istigh.

3. Uisce



- Sábháil uisce chun fuinneamh a shábháil. Glacann sé fuinneamh chun uisce a chóireáil agus a chaidéalú isteach i dtithe.
- Úsáid níos lú uisce te chun fuinneamh a shábháil, bíodh cithfholcadh agat seachas folcadh.
- Socraigh do theirmeastat uisce the idir 60 agus 65°C, le cinntiú nach ndéanann tú d'uisce róthe.
- Is chun an t-uisce a théamh a úsáidtear an chuid is mó den fhuinneamh a úsáideann miasniteoir agus meaisín níocháin. Roghnaigh teocht níos ísle agus beidh do chostais fuinnimh níos ísle - nigh éadaí ar 30 °C.
- Ná beirigh citeal iomlán chun cupán tae amháin a dhéanamh.

4. Soilse agus gléasanna



- Úsáid solas nádúrtha an lae nuair is féidir leat.
- Múch soilse nuair a fhágann tú seomra nó nuair nach dteastaíonn siad uait.
- Triomaigh éadaí ar chroch éadaí nó ar líne níocháin seachas i dtriomadóir éadaigh.
- Múch do ghléasanna go léir istoiche agus nuair nach mbíonn tú sa bhaile.
- Clúdaigh potaí agus pannaí le clár chun an teas a choimeád istigh.

Eolas breise



Acmhainní do Mhúinteoirí agus Scoláirí	
Láithreáin Ghréasáin	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an SEAI agus tiocfaidh tú ar níos mó leideanna chun fuinneamh a shábháil sa bhaile • Aimsigh eolas faoin bhfírinne faoi rudaí a fhágáil ar fuireachas
Físeáin	<ul style="list-style-type: none"> • Féach ar an bhfíseán Scéal an Fhuinnimh anseo • Fuinneamh, Sábhálaimis É!

Acmhainní do Mhúinteoirí amháin	
Gníomhaíochtaí sa Seomra	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair leideanna faoi fhuinneamh a shábháil do ranganna eile. Iarr ar gach dalta a ghealladh chun athrú simplí amháin a dhéanamh chun

<i>Ranga</i>	fuinneamh a shábháil sa bhaile. Úsáid nótaí greamacha ar bhileog pháipéir níos mó chun na gealltanais a rinne gach rang a thaispeáint.
<i>Pleananna Ceachta</i>	<ul style="list-style-type: none">• Úsáid an plean ceachta seo faoi iniúchadh fuinnimh a dhéanamh sa bhaile ó acmhainn an SEAI chun fuinneamh inbhuanaithe a mhúineadh sa Bhunscoil, caibidil a cúig (do Rang 3 agus 4).• Fiosraigh acmhainní múinteoireachta an SEAI, físeáin, pleananna ceachta, acmhainní don chlár bán idirghníomhach agus taighde san áireamh.